Liotúirge do Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020

(Is féidir é a úsáid mar Liotúirge an Bhriathair)
Is féidir áit urnaithe simplí a eagrú. Bíodh siombailí Caitliceacha inti, coinnle, uisce, an Chros Naofa, an Bíobla.
Is féidir úsáid éifeachtach a bhaint as an túis chomh maith.

(Léachtaí ón Tríú Domhnach Saor, Bliain C)

Amhrán Tosaigh: Sé an Tiarna É

Gnás Aithrí:
Ceannaire: Thiarna Íosa, is tusa Dia Uilechumhachtach agus Prionsa na Síochána. A Thiarna déan trócaire.
Cách: A Thiarna déan trócaire.

Ceannaire: A Thiarna Íosa, is tusa Mac Mhuire, agus Mac Dé. A Chríost déan trócaire.
Cách: A Chríost déan trócaire.

Ceannaire: A Thiarna Íosa, is tusa an Briathar Ionchollaithe, Niamhracht an Athar. A Thiarna déan trócaire.
Cách: A Thiarna déan trócaire.

(Is féidir 'A Thiarna déan trócaire' a chanadh má bhíonn deis agaibh).

An Chéad Léacht:
Léacht ó leabhar Gheineasas (1:1-25).

Salm: Salm 33:1-9

An Dara Léacht:
Léacht ó chead litir N. Pól chuig na Rómhánaigh (1:18-23).

Comhgháir an tSoiscéil:
Alleluia, Alleluia!
Chuir sé uaidh mé ag tabhairt an dea-scéil do na boicht, ag fógairt a scaoilte do bhránna.
Alleluia!

Soiscéal:
Léacht ón Soiscéal Naofa de réir N. Eoin (1:1-14).

Idirghuí:
(Foinse: An Leabhar Aifrinn)
1. Guímis chun Dé ar son na hEaglaise naofa, go dtuga an Tiarna aire ghrámhar di.
Cách: Éist lenár nguí, a Dhia uilechumhachtaigh.

2. Guímis chun an Tiarna ar son phobal an domhain. Go gcothóidh an Tiarna an tsíth ina measc.
Cách: Éist lenár nguí, a Dhia uilechumhachtaigh.

3. Guímis chun an Tiarna ar son na ndaoine atá i ngátar, nó faoi bhrú de shórt ar bith. Go dtuga an Tiarna fial, faoiseamh dóibh.
Cách: Éist lenár nguí, a Dhia uilechumhachtaigh.

4. Guímis chun an Tiarna ar ár son féin agus ar son an phobail, go nglacfaidh an Tiarna go fáilteach linn nuair a ofrálaimid sinn féin dó.
Cách: Éist lenár nguí, a Dhia uilechumhachtaigh.

Urnaí an tSagairt: A Dhia, ár neart agus ár dtearmann, éist le guí an phobail. Is tusa foinse na deabhóide uile. Deonaigh go bhfaighimid gach a lorgóimid go dóchasach uait. Trí Chríost ár dTiarna.
Amen.

(Cuir deireadh leis an tseirbhís urnaí anseo trí amhrán oiriúnach a chanadh, nó píosa oiriúnach ceoil a sheinm.)

Moladh: Paidir Eocairisteach II

Moltaí don Cheol:
1. Deus Meus
2. Inniu an Lá
3. Críost Liom Críost Romham
4. Clann Dé le Chéile
5. Molaigí an Tiarna
6. Tar Anuas, A Spioraid Naoimh (Ite O'Donovan)
7. Gile mo Chroí
8. Ár nAthair
9. Seinn Alleluia (Ronan McDonagh)